Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9015/18**

**CULT 61**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8544/18 CULT 52 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá atá leis an oidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn sna beartais san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá atá leis an oidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn sna beartais san Aontas, a ghlac an Chomhairle ag an 3617ú cruinniú a bhí aici ar an 23 Bealtaine 2018.

# Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá atá leis an oidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn sna beartais san Aontas

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

1. D'fhógair ceannairí Bhallstáit an Aontais agus institiúidí an Aontais, i nDearbhú na Róimhe ón 25 Márta 2017, fís faoi "Aontas ina mbeidh deiseanna nua ag na saoránaigh don fhorbairt shóisialta agus chultúrtha" lena ndéantar "ár n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn"[1];

2. D'iarr an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi ón 14 Nollaig 2017[2], ar na Ballstáit, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá acu faoi seach, dul ar aghaidh leis an obair d'fhonn an deis atá i mBliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018[3] a thapú chun feasacht a mhéadú maidir leis an tábhacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann leis an gcultúr agus an oidhreacht chultúrtha;

---

1 http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2017/03/25/rome-declaration/pdf

2 EUCO 19/01/2017 REV 1

3 Cinneadh (AE) 2017/864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha (2018), IO L 131, 20.5.2017.

AG AITHINT AN MÉID SEO A LEANAS:

3. Sa lá atá inniu ann, tugtar an cultúr chun suntais ar chlár oibre polaitiúil an Aontais mar a dearbhaíodh le plé na gceannairí in Göteborg i Samhain na bliana 2017, nuair a d'aithin na ceannairí tábhacht an chultúir chun sochaithe cuimsitheacha, comhtháite a thógáil agus chun iomaíochas na hEorpa a chothú;[4]

4. Leis sin, athdhearbhaítear a luachmhaire atá an dea-chomhar ar leibhéal an Aontais san oidhreacht chultúrtha agus dearbhaítear a thábhachtaí atá sé an oidhreacht chultúrtha a phríomhshruthú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí eile earnála chun na sochair shóisialta agus eacnamaíocha a ghabhann leis a uasmhéadú;

5. Feictear sna dúshláin shóisialta agus eacnamaíocha a bhí ag an Aontas Eorpach le déanaí gur gá gníomhú chun na naisc idir ár sochaithe agus laistigh díobh a neartú. Tá an oidhreacht chultúrtha, mar fhoinse eolais agus tuisceana frithpháirtí ar cheann de na bealaí lena bhféadfaí an próiseas sin a chur chun cinn, tríd an tuiscint a chothú go bhfuiltear mar chuid den spás coiteann Eorpach agus go bhfuiltear sa bhaile ann. Thairis sin, d'fhéadfadh an gníomhú sin a bheith mar bhonn chun an dlúthpháirtíocht Eorpach a chothabháil, agus iomláine an Aontais Eorpaigh a chaomhnú agus, san am céanna, an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint;

6. Tá an oidhreacht chultúrtha san éagsúlacht mhór agus sna foirmeacha uile a bhaineann léi - inláimhsithe agus doláimhsithe, in-aistrithe agus do-aistrithe, digiteach agus digitithe[5] - ina luach ann féin, oidhreacht ón am a chuaigh thart agus acmhainn straitéiseach chun go mbeidh an Eoraip inbhuanaithe amach anseo, a chuidíonn le freagairt do dhúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil ar leibhéil éagsúla - ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach agus ar an leibhéal Eorpach agus fiú ar an leibhéal domhanda;

---

4 EUCO 19/1/17 REV 1 agus Ionchur an Choimisiúin Eorpaigh ag cruinniú na gCeannairí in Göteborg, 17 Samhain 2017 (Teachtaireacht maidir leis an bhFéiniúlacht Eorpach a neartú trí bhíthin an Oideachais agus an Chultúir), 14436/17.

5 Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2014 maidir leis an oidhreacht chultúrtha mar acmhainn straitéiseach don Eoraip inbhuanaithe (IO C 183, 14.6.2014, lch. 8, mír 2)

7. Is de chineál dinimiciúil í oidhreacht chultúrtha na hEorpa agus saibhrítear tuilleadh í trí iniúchadh a dhéanamh ar stair choiteann mhuintir agus náisiúin na hEorpa agus trí thionscnaimh agus trí chláir a bhíonn ag síorathrú. Dá bhrí sin, tá an oidhreacht chultúrtha ina foinse inspioráide do na healaíona agus don chruthaitheacht chomhaimseartha freisin a d'fhéadfadh a bheith ina n-oidhreacht chultúrtha iontu féin amach anseo;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

8. An oidhreacht chultúrtha a chur chun tosaigh i mbeartais ábhartha de chuid an Aontais agus feasacht a mhúscailt i measc na ngeallsealbhóirí faoi na sochair fhrithpháirteacha a bhaineann lena príomhshruthú i mbeartais earnála eile agus faoi dheiseanna maoiniúcháin don oidhreacht chultúrtha[6], lena n-áirítear trí fhaisnéis thráthúil a thabhairt do gheallsealbhóirí i ndáil le cistí de chuid an Aontais atá ar fáil don oidhreacht chultúrtha;

9. Gan réamhbhreith a thabhairt ar an gcaibidlíocht den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, féachaint an bhféadfaí díriú, ar bhonn níos sainráite, i gcás inarb iomchuí, ar chaomhnú agus ar chur chun cinn oidhreacht choiteann chultúrtha na hEorpa i gcláir ábhartha an Aontais. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an oidhreacht chultúrtha a chur san áireamh agus na cláir á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme ach, freisin, tríd an oidhreacht chultúrtha a áireamh mar chuspóir straitéiseach sna tosaíochtaí atá acu;

10. Chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí thionscadail atá dírithe go sonrach ar an oidhreacht agus a bhfuil gné Eorpach ag gabháil leo mar aon le breisluach sóisialta, agus tríd an gcomhionannas inscne a chur san áireamh freisin;

11. Comhar a chothú i measc taighdeoirí, gairmithe agus comhlachtaí oideachais agus oiliúna Eorpacha chun scileanna ardcháilíochta, oiliúint agus aistriú eolais a chur chun cinn sna gairmeacha traidisiúnta oidhreachta agus gairmeacha oidhreachta atá ag teacht chun cinn;

---

[6] Gníomhaíochtaí oidhreachta cultúrtha i mbeartas, i gclár agus i ngníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh a mhapáil - http://ec.europa.eu/assets/eac/culture/library/reports/2014-heritage-mapping_en.pdf

12. Prionsabal rialachais rannpháirtigh na hoidhreachta cultúrtha a fheabhsú tuilleadh trí anailís a dhéanamh ar an gcleachtas reatha i rialachas an chultúir, gníomhaíochtaí a aithint, i gcás inarb ábhartha, chun rialachas an chultúir a dhéanamh níos oscailte, níos rannpháirtí, níos éifeachtaí agus níos soiléire chomh maith leis an dea-chleachtas a chomhroinnt;

13. Malartú na ndea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a shainaithint agus a éascú trí shoghluaisteacht gairmithe ó earnáil an chultúir a chur chun cinn san Eoraip[7];

14. An t-idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le saoránaigh na hEorpa agus go háirithe le hóige na hEorpa a dhoimhniú agus a leathnú chun go bhféadfar teacht ar thuiscint níos fearr ar an méid atá déanta ag oidhreacht chultúrtha na hEorpa chun an fhéiniúlacht Eorpach chomhroinnte a neartú ina héagsúlacht cultúir, teangacha agus oidhreachtaí ina hiomláine;

15. Leanúint de thacaíocht a thabhairt don oidhreacht chultúrtha mar ghné thábhachtach de chur chuige straitéiseach an Aontais i leith an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta agus mar ghné thábhachtach de chur chun cinn an idirphlé idirchultúrtha freisin;

16. Gníomhaíochtaí coiteanna comhordaithe trasnáisiúnta a chur chun feidhme[8] le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile ar mhaithe leis an oidhreacht a chosaint agus a chaomhnú ar bhonn inbhuanaithe i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[9];

17. Tacaíocht a chur chun cinn maidir leis an oidhreacht chultúrtha a dhigitiú mar uirlis le haghaidh rochtain oscailte ar an gcultúr agus ar an eolas, agus ar an dóigh sin an nuálaíocht, an chruthaitheacht agus rialachas rannpháirteach na hoidhreachta cultúrtha a spreagadh;

18. na torthaí, na tuarascálacha agus na meastóireachtaí ar thionscnaimh agus ar thionscadail maidir leis an oidhreacht chultúrtha, a fuair maoiniú ón Aontas, a chur ar fáil ar líne ar bhealach níos córasaí agus níos in-aisghafa;

---

7 EUCO 19/01/2017 REV 1

8 http://undocs.org/S/RES/2347(2017)20.

9 I gcomhréir le Clár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, https://sustainabledevelopment.un.org/content/documents/21252030%20Agenda%20for%20Sustainable%20Development%20web.pdf

19. An deis a thapú le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 chun fís chomhroinnte, chuimsitheach straitéiseach a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha, agus a áirithiú go bhfágfaidh sé sin rian don am atá le teacht trí ghníomhaíochtaí nithiúla a chur i gcrích. I gcás inar féidir, d'fhéadfaí sineirgí a shaothrú le Straitéis Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha don 21ú haois de chuid Chomhairle na hEorpa;

20. Tacú le beartais a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise trí leanúint de bheith ag obair le Eurostat agus le hoifigí staidrimh náisiúnta maidir le sonraí iontaofa a bhailiú faoin rannchuidiú sóisialta agus eacnamaíoch a thagann ón oidhreacht chultúrtha, agus chun cur le hiarrachtaí comhchosúla ar an leibhéal idirnáisiúnta arna ndéanamh ag eagraíochtaí amhail UNESCO agus Comhairle na hEorpa[10];

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

21. Ról na hoidhreachta cultúrtha a aithint i gcláir ábhartha earnála náisiúnta arna gcómhaoiniú ag an Aontas d'fhonn luach agus tábhacht na hoidhreachta cultúrtha a chaomhnú do mhuintir na háite agus do na glúine atá le teacht agus acmhainneacht na hoidhreachta a fhorbairt go hiomlán mar acmhainn don fhorbairt eacnamaíoch, don chomhtháthú sóisialta agus don fhéiniúlacht chultúrtha;

22. Leanúint den chomhar atá eatarthu trí bhreathnú ar thosaíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí sa Phlean Oibre nua don Chultúr tar éis 2019 a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha a phríomhshruthú i mbeartais eile de chuid an Aontais;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

23. Agus beartais eile de chuid an Aontais á bpleanáil, á gcur chun feidhme agus á meas, leanúint den tionchar díreach agus indíreach atá acu sin ar fheabhsú, ar chaomhnú agus ar choimirciú oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chur san áireamh agus, go háirithe, an gá le treoirlínte den scoth le cinntiú nach ndéanfadh infheistíocht ón Aontas díobháil do luachanna na hoidhreachta cultúrtha;

[10] Mar shampla, an Choimre i dtaca le Beartais agus Treochtaí Cultúrtha.

24. Leanúint leis an idirphlé agus comhar leanúnach le líonraí atá ann cheana i réimse na hoidhreachta cultúrtha agus a bhfuil taithí mhór luachmhar faighte acu le himeacht ama agus a gcuid inniúlachtaí cruthaithe acu sa réimse sin[11];

25. Comhar a fhorbairt tuilleadh le UNESCO agus le Comhairle na hEorpa maidir le saincheisteanna leasa choitinn i mbeartais agus i gcleachtais na hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear maidir le gáinneáil aindleathach maoine cultúrtha, go háirithe i gcriosanna coinbhleachta, a chomhrac;

26. Sineirgí a lorg le Coinbhinsiún UNESCO agus le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, inar leagadh na prionsabail idirnáisiúnta síos maidir le caomhnú, coimirciú agus bainistiú na hoidhreachta cultúrtha, go háirithe Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Faro 2005).

---

[11] Amhail e.g. Fóram Eorpach na gCeann Oidhreachta,Fóram Dlí na hOidhreachta Eorpaí agus an Ghrúpa Machnaimh "An tAontas agus an oidhreacht chultúrtha".